**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**B9-0364/2021**

14.6.2021

# TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚIN

de bhun Airteagal 143 de na Rialacha Nós Imeachta

maidir le geilleagar an aosaithe

**Cláudia Monteiro de Aguiar**

**B9-0364/2021**

**Tairiscint i gcomhair rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir le geilleagar an aosaithe**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint do Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe agus do Dheich mBliana d’Aosú Folláin,

– ag féachaint don Pháipéar Uaine ón gCoimisiún maidir le hAosú,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoimisiún maidir le tionchar na n-athruithe déimeagrafacha san Eoraip,

– ag féachaint d’Airteagal 143 dá Rialacha Nós Imeachta,

A. de bhrí go bhfuil fad saoil dhaonra na hEorpa ag dul i méid agus go bhfuil aosú an daonra sin suntasach;

B. de bhrí go bhfuil tionchar ag aosú méadaitheach an daonra san Eoraip ar fhás eacnamaíoch, cúram sláinte, cúram fadtéarmach agus comhtháthú sóisialta, ach ag an am céanna go gcruthaítear réimse leathan deiseanna nua mar gheall air;

C. de bhrí go raibh tionchar mór ag paindéim COVID-19 ar an bpobal scothaosta, le líon méadaithe ospidéalaithe agus básanna;

1. ag tathant ar an gCoimisiún díospóireacht leathan a thosú maidir le geilleagar an aosaithe, agus na dúshláin agus na deiseanna a bhaineann leis;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún tacú leis na Ballstáit agus a réigiúin chun beartais um aosú folláin a chur chun feidhme;

3. á iarraidh ar an gCoimisiún scéimeanna píolótacha a chruthú ar an leibhéal réigiúnach chun córais láidre um chúram fadtéarmach a fhorbairt, ar phraghasanna inacmhainne agus le rochtain ghinearálta orthu.